Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2009**

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

## Aonad Measúnaithe A2 2

*ag measúnú*

## Modúl 5: Úsáidí Córais Fhaisnéise

**[A2W21]**

**DÉ hAOINE 15 BEALTAINE, MAIDIN**

### AM

1 uair 30 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo, le 4 mharc ar a mhéad san áireamh do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**1** Bíonn córas próiseála sonraí in úsáid ag comhlacht le díolacháin a phróiseáil.

Forbraíonn an comhlacht Córas Faisnéis Bainistíochta (MIS).

**(a)** Mínigh an difear idir córas próiseála sonraí agus Córas Faisnéis Bainistíochta. [4]

**(b)** Cuir síos ar dhá mhíbhuntáiste a Córas Faisnéis Bainistíochta a úsáid. [4]

Ba mhaith leis an chomhlacht córas saineolach a fhorbairt.

**(c)** Cuir síos ar na príomhgnéithe de chóras saineolach. [4]

**2** **(a)** Cuir síos ar an dóigh a n-úsáidfí gach ceann acu seo a leanas le húsáideoirí córas faisnéise nua a oiliúint.

**(i)** Treoir ar líne. [3]

**(ii)** Físeán oiliúna. [3]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a gcuideodh gach ceann acu seo a leanas le húsáideoir fadhb ar leith a láimhseáil.

**(i)** Deasc chabhrach. [3]

**(ii)** Grúpa úsáideoirí [3]

**3** Tá scarbhileog in úsáid ag an bhainisteoir i siopa leabhar le haghaidh na bhfigiúirí díolacháin míosúla.

**(a)** Sainaithin **ceithre** ghné de scarbhileog a fhágann go bhfuil sí fóirsteanach don fheidhm seo. [4]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a n-úsáidfí an scarbhileog leis na figiúirí díolacháin míosúla do roinnt blianta a chur i gcomparáid lena chéile. [4]

**(c)** Cuir síos ar an dóigh a n-úsáidfí bogearraí láithreoireachta leis na figiúirí díolacháin a thaispeáint do Bhord na Stiúrthóirí. [4]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**4** Tá córas tacaíochta cinntí in úsáid i sraith ollmhargaí le seachadtaí baile a phleanáil.

Tá foinsí inmheánacha faisnéise agus foinsí seachtracha faisnéise in úsáid sa chóras tacaíochta cinntí.

**(a)** Sainaithin agus mínigh **dhá** fhoinse inmheánacha faisnéise is féidir a úsáid. [4]

**(b)** Sainaithin agus mínigh **dhá** fhoinse sheachtracha faisnéise is féidir a úsáid. [4]

**(c)** Cuir síos ar an dóigh a gcuideodh an córas seo le cinnteoireacht ag gach leibhéal seo a leanas san ollmhargadh.

**(i)** Straitéiseach.

**(ii)** Beartach.

**(iii)** Oibríoch. [6]

**5** Caithfidh coláistí na dlíthe a bhaineann le TFC a chomhlíonadh.

**(a)** Cuir síos ar na príomhghnéithe a bhaineann le Reachtaíocht Cosanta Sonraí. [5]

**(b)** Cuir síos ar na príomhghnéithe a bhaineann leis an Acht um Mhí-úsáid Ríomhaire. [5]

Téann dhá choláiste i gcomhpháirtíocht lena chéile le costais a ísliú.

**(c)** Cuir síos ar na príomhimpleachtaí a bhaineann leis an Acht um Choipcheart, Dhearthaí agus Paitinní don chomhpháirtíocht. [4]

**6** Le comhlacht nua a bhunú, tagann comhlachtaí beaga, a bhfuil a chóras faisnéise féin ag gach ceann acu, le chéile.

Cinneann an comhlacht nua go gcaithfidh straitéis chóras faisnéise a bheith ann.

**(a)** Cuir síos ar na príomhghnéithe a bhaineann le straitéis chóras faisnéise. [5]

**(b)** Cuir síos ar an éifeacht is mó ba cheart a bheith ag an straitéis ar an chomhlacht nua. [5]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**7** Is minice anois a bhíonn róbait in úsáid ag déantóirí carranna.

Trí thagairt a dhéanamh don úsáid seo de TFC, cuir síos ar an éifeacht is mó a bhíonn ann ar gach ceann acu seo a leanas.

**(a)** Fostaithe atá ag obair ar línte cóimeála. [4]

**(b)** Bainisteoirí atá freagrach as rialú cáilíochta. [4]

**(c)** Custaiméirí. [4]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers